Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Deireadh Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**13271/22**

| | |
|---|---|
| **DEVGEN 182** | **MAMA 159** |
| **JEUN 153** | **MOG 87** |
| **ACP 109** | **COLAC 52** |
| **RELEX 1296** | **COASI 162** |
| **COHOM 112** | **ONU 115** |
| **EDUC 340** | **CONUN 231** |
| **SUSTDEV 164** | **COEST 715** |
| **GENDER 162** | **PROCIV 121** |
| **COHAFA 87** | **DIGIT 177** |
| **NDICI 15** | **SAN 550** |
| **COAFR 252** | |

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 5 Deireadh Fómhair 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | JOIN(2022) 53 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT CHOMHPHÁIRTEACH CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>An Plean Gníomhaíochta don Aos Óg (YAP) i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais 2022 – 2027 Rannpháirtíocht agus cumhachtú fóinteach na hóige i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais a chur chun cinn le haghaidh forbairt inbhuanaitheach, comhionannais agus síochána |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad JOIN(2022) 53 final.

---

Faoi iamh: JOIN(2022) 53 final

AN COIMISIÚN EORPACH

ARDIONADAÍ AN AONTAIS DO GHNÓTHAÍ EACHTRACHA AGUS DON BHEARTAS SLÁNDÁLA

Strasbourg, 4.10.2022
JOIN(2022) 53 final

**TEACHTAIREACHT CHOMHPHÁIRTEACH CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**An Plean Gníomhaíochta don Aos Óg (YAP) i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais 2022 – 2027**
**Rannpháirtíocht agus cumhachtú fóinteach na hóige i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais a chur chun cinn le haghaidh forbairt inbhuanaitheach, comhionannais agus síochána**

GA GA

## 1. Réamhrá

‘*Tá sé tuillte againn éisteacht a fháil, go dtabharfar cumhacht dúinn, go gcosnófar sinn agus go dtabharfar an deis dúinn a bheith i gceannas*’, Alda Soraya (23 bliana d’aois), an Indinéis[1].

Tráth a bhfuil an iliomad dúshlán ann agus a bhfuil paraidímí ag athrú go tapa, lena n-áirítear cogadh foghach leanúnach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, is léir gur gá ár gcomhpháirtíocht le daoine óga ar fud an domhain a neartú chun athrú claochlaitheach dearfach a bhaint amach.

**Tá daonra óige an domhain níos mó ná riamh**[2], agus 1.8 billiún duine óg idir 10 agus 24 bliana d’aois ann. Tá beagnach 90 % de dhaoine óga ina gcónaí i dtíortha ísealioncaim agus meánioncaim. I gcomhthéacs an aistrithe dhéimeagrafaigh dhomhanda, meastar go dtiocfaidh méadú breise ar na huimhreacha sin.

**Ar fud an domhain, is gníomhairí cumhachtacha don athrú iad daoine óga**. Tá ról ríthábhachtach acu maidir le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda, maidir le rannchuidiú leis an bhforbairt inbhuanaithe agus maidir le spreagadh forbairtí nuálacha. Is minic a bhíonn siad ar thús cadhnaíochta sa chomhrac i gcoinne an athraithe aeráide, na bochtaineachta agus an éillithe, agus ar son na síochána agus an athmhuintearais i limistéir choinbhleachta. Tacaíonn go leor acu le cearta sibhialta, polaitiúla, eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha an duine.

Mar sin féin, is minic a bhíonn a n-ionchais agus a n-acmhainneacht chun gníomhú teoranta mar gheall ar easpa rochtana ar oideachas, ar phoist chuibhiúla, ar chúram sláinte agus ar chosaint shóisialta agus, i roinnt mhaith tíortha, mar gheall ar spásanna daonlathacha agus sibhialta a laghdú. Le bacainní dlíthiúla, cultúrtha agus eacnamaíocha, cuirtear srian ar rannpháirtíocht shibhialta agus pholaitiúil daoine óga, rud nach gcuidíonn le muinín a chothú in institiúidí agus i gcórais pholaitiúla.

**Is iad daoine óga agus leanaí is mó a bhíonn thíos le géarchéimeanna agus éagobhsaíocht** arb iad coinbhleachtaí armtha, míchothromaíochtaí atá ag dul i méid, an t-athrú aeráide agus díghrádú an chomhshaoil is cúis leo. Tá thart ar 600 milliún duine óg ina gcónaí i gcásanna coinbhleachta nó i gcásanna leochaileacha, tá 71 mhilliún duine óg dífhostaithe agus tá thart ar 264 mhilliún leanbh agus duine óga ann nach bhfuil ag freastal ar scoil. Bíonn tionchar ar leith ar chailíní agus ar mhná óga.

Tá paindéim COVID-19 tar éis dochar mór a dhéanamh d’oideachas, d’fhostaíocht agus d’fholláine mheabhrach daoine óga agus dá gceart páirt a ghlacadh sa saol poiblí[3]. Cé gur léirigh go leor daoine óga rannpháirtíocht mhór chun daoine scothaosta agus daoine leochaileacha a chosaint le linn na paindéime, leag an phaindéim béim freisin ar an ngá atá le **dlúthpháirtíocht idirghlúine** níos fearr chun sochaithe níos cothroime, níos inbhuanaithe agus níos athléimní a thógáil ar mhaithe le todhchaí na nglún óg.

---

[1] Gníomhaí Óige agus comhalta den Bhonn Braite Óige le haghaidh Comhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta an Aontais Eorpaigh de chuid an Choimisiúin Eorpaigh

[2] Tuarascáil Óige Domhanda na Náisiún Aontaithe

[3] Suirbhé domhanda maidir leis an óige agus Covid-19

I gcomhthéacs den sórt sin, **ní mór guth ceart a thabhairt do dhaoine óga** maidir leis na réitigh a mbeidh tionchar acu ar a dtodhchaí agus ar thodhchaí an phláinéid a mhúnlú.

Freagraíonn an Plean Gníomhaíochta don Aos Óg (YAP) don riachtanas sin agus cuireann sé creat beartais ar fáil le haghaidh **comhpháirtíocht straitéiseach le daoine óga i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais**, mar a iarradh freisin sna conclúidí ón gComhairle 2020[4]. Is é is aidhm do YAP rannpháirtíocht daoine óga mar chomhpháirtithe straitéiseacha a chur chun cinn, tacú lena gcumhachtú agus leas a bhaint as an **díbhinn dhéimeagrafach**, chun sochaithe níos athléimní agus níos cuimsithí a thógáil agus dul chun cinn a dhéanamh i dtreo gealltanais dhomhanda amhail **Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe** (SDGanna) na Náisiún Aontaithe de chuid **Chlár Oibre 2030** agus **Comhaontú Pháras maidir leis an Athrú Aeráide**.

Tá freagairt an Aontais ar na dúshláin iomadúla bunaithe ar na luachanna bunúsacha a leagtar síos in **Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach**. Tá sé dírithe ar chomhpháirtíochtaí láidre a thógáil don lá atá inniu ann, lena n-áiritheofar todhchaí na chéad ghlúine eile agus lena gcuirfear le **cothromas agus ceartas idirghlúine**.

Agus **béim á leagan ar an aistriú ón óige go dtí an aosacht**, agus mar tháirge insoláthartha de **Bhliain Eorpach na hÓige**[5], neartaíonn YAP an ghné idirnáisiúnta de **Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh**[6]**,** agus cuireann sé le **straitéis an Aontais maidir le cearta an linbh**[7] lena gcuirtear rannpháirtíocht agus cumhachtú fóinteach chun cinn ó luathbhlianta an tsaoil.

Baineann sé leas as **Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas**[8] ina leagtar béim ar an ngá atá le rannpháirtíocht chomhionann, iomlán agus fhóinteach daoine óga sa saol poiblí agus sa saol polaitiúil, agus as **Colún Eorpach na gCeart Sóisialta**[9]**.** Ar deireadh, cuireann sé **Plean Gníomhaíochta III an Aontais maidir le hInscne (GAP)**[10] chun feidhme, trí dhíriú ar chumhachtú na gcailíní agus na mban óg.

Tacóidh YAP le cur chun feidhme **Chlár Oibre na Náisiún Aontaithe don Óige, don tSíocháin agus don tSlándáil** agus leis an ról atá ag daoine óga maidir le síocháin bhuan a chothú, rannchuidiú leis an gceartas agus leis an athmhuintearas agus cur i gcoinne an antoisceachais fhoréignigh[11]. Is de chineál domhanda é an Plean Gníomhaíochta don Aos Óg, ach cuirfear chun feidhme é freisin trí chineálacha cur chuige saincheaptha a bheidh curtha in oiriúint do riachtanais agus d'imthosca na hóige i réigiúin shonracha, e.g. i dtíortha méadaithe agus comharsanachta an Aontais, san Afraic, sa Mheánoirthear, i Meiriceá Laidineach agus sa Mhuir Chairib agus san Aigéan Ciúin.

---

[4] Conclúidí ón gComhairle maidir leis an óige sa ghníomhaíocht sheachtrach
[5] Bliain Eorpach na hÓige 2022
[6] Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh
[7] Straitéis an Aontais um chearta an linbhagus Conclúidí tacaíochtaón gComhairlean 9 Meitheamh 2022
[8] Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas
[9] Colún Eorpach na gCeart Sóisialta
[10] GAP III
[11] Rúin 2250 (2015), 2419 (2018) agus 2535 (2020) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe

**Tá cead cainte ag daoine óga**

Dréachtaíodh an Plean Gníomhaíochta don Aos Óg tar éis **comhairliúcháin fhorleathana le breis agus 220 páirtí leasmhar** ar fud an domhain, go háirithe eagraíochtaí óige agus eagraíochtaí um chearta leanaí. Freagraíonn sé don éileamh dlisteanach ó dhaoine óga, a léirítear freisin i dtorthaí na **Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa**[12]**,** ar éileamh é chun a bheith rannpháirteach **ar bhealach níos struchtúrtha** i bpróisis cheaptha beartais agus próisis chinnteoireachta an Aontais.

Mar a luaigh an **Bonn Braite Óige do Chomhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta**[13], 'ní féidir daoine óga a mheas mar 'ábhair bhreise' in éineacht le tionscnaimh faoi stiúir daoine fásta. Is togh-ghrúpa iad daoine óga a bhfuil peirspictíochtaí agus scileanna atá criticiúil go huathúil acu, ar scileanna iad atá riachtanach chun eolas a dhéanamh do bheartas agus chun é a chur chun cinn, chun seirbhísí a sholáthar agus chun taighde a dhéanamh. Ní féidir aghaidh a thabhairt ar bhacainní ar rannpháirtíocht fhóinteach na hóige ach le plean gníomhaíochta a cruthaíodh trí phróisis lena ndearnadh iarracht, iontu féin, bacainní den sórt sin a shárú'.

## 2. I dtreo chomhpháirtíocht straitéiseach AE le daoine óga i ngníomhaíocht sheachtrach

Beidh ceithre phrionsabal mar threoir ag an Aontas agus comhpháirtíocht straitéiseach á forbairt aige le daoine óga**:**

- **Cur chuige atá bunaithe ar chearta an duine** agus **comhionannas inscne**

Tá sé d'aidhm ag an Aontas rannpháirtíocht daoine óga agus leanaí a chur chun cinn mar cheart[14], lena n-áirithítear **nach bhfágfar aon duine ar lár**, trí aghaidh a thabhairt ar neamhionannais agus bacainní struchtúracha, **comhionannas inscne agus neamh-idirdhealú a phríomhshruthú** agus **cur chuige trasnach**[15] a chur i bhfeidhm.

- **Cur chuige rannpháirteach maidir le hathrú claochlaitheach**

Beidh daoine óga rannpháirteach ar leibhéal na tíre, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal domhanda **ar feadh thimthriallta beartais agus cláir sheachtraigh an Aontais**, rud a chuirfidh le húinéireacht óige agus le hinbhuanaitheacht gníomhaíochtaí.

- **Cuimsiú na hóige**

Déanfar rannpháirtíocht daoine óga sa saol sibhialta, eacnamaíoch, sóisialta, cultúrtha agus polaitiúil a chur chun cinn trí ghníomhaíochtaí sonracha atá dírithe ar an óige agus trína bpeirspictíochtaí agus a riachtanais a phríomhshruthú **sa chláreagrú, san idirphlé beartais agus san idirphlé polaitiúil i ngach réimse**.

[12] Comhdháil ar Thodhchaí na hEorpa
[13] Rannpháirtíocht Fhóinteach na hÓige: Todhchaí Dhóchasach
[14] I gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh agus le cur chuige an Aontais atá bunaithe ar chearta an duine.
[15] Cur chuige trasnach, i gcomhréir le creataí beartais ábhartha an Aontais: GAP III, an Straitéis um Chomhionannas LADTIA, Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Frithchiníochas, an Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas.

Mar shampla, leis an **marcóir daonnúil inscne agus aoise**[16], áirithítear go mbíonn baint leordhóthanach ag grúpaí inscne agus aoisghrúpaí éagsúla, lena n-áirítear an óige, le **cabhair dhaonnúil arna maoiniú ag an Aontas**, agus áirithítear go ndírítear an maoiniú sin orthu ar bhealach leordhóthanach.

- **Ceapadh beartais agus cuntasacht atá bunaithe ar fhianaise**

Tá sé d'aidhm ag YAP infhaighteacht agus cáilíocht na sonraí maidir leis an óige a mhéadú, ar sonraí iad a bhaineann le bearnaí téamacha agus geografacha a dhúnadh**[17]**, agus béim á leagan ar dhaoine óga idir 15 agus 29 mbliana d'aois. Neartófar creat faireacháin agus meastóireachta an Aontais maidir leis an ngníomhaíocht sheachtrach trí shonraí atá níos imdhealaithe ó thaobh aoise de a chomhtháthú, trí tháscairí a bhaineann go sonrach leis an óige a ghlacadh agus trí bhailiú sonraí agus taighde atá dírithe ar an óige agus atá treoraithe ag an óige a chur chun cinn.

## 3. An bealach chun iad a chur i gcrích: na trí cholún dechlár oibre atá dírithe ar ghníomhaíocht

Sainaithnítear in YAP tosaíochtaí agus príomhchuspóirí feadh na dtrí cholún **GLAC PÁIRT**, **CUMHACHTAIGH** agus **TAR LE CHÉILE**, lena léirítear na trí phríomhréimse gníomhaíochta atá i Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh.

Cuirfidh an tAontas **cur chuige Fhoireann na hEorpa**[18] chun cinn i gcur chun feidhme YAP, agus é ag obair le príomh-chomhpháirtithe agus príomhpháirtithe leasmhara ar leibhéal na tíre, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal iltaobhach.

### 3.1 Comhpháirtíocht chun PÁIRT A GHLACADH




Éilíonn daoine óga cur chuige cuimsitheach chun rannpháirtíocht fhóinteach, chuimsitheach agus éifeachtach na hóige a áirithiú, agus tá cur chuige den sórt sin tuillte acu. Chun na críche sin, chun timpeallacht atá fabhrach don rannpháirtíocht a bhaint amach, ní mór spásanna agus deiseanna sábháilte atá fabhrach don óige agus do leanaí a chruthú, agus, ag an am céanna, a chur ar chumas daoine óga ó chúlraí éagsúla páirt a ghlacadh sa chinnteoireacht dhaonlathach, lena n-ardófar feasacht lucht ceaptha beartas agus lena neartófar a n-acmhainneacht chun oibriú le daoine óga.

Tá an tAontas tiomanta do ghuth agus ceannaireacht daoine óga a mhéadú, go háirithe maidir le mná óga agus cailíní, gníomhaithe óige agus eagraíochtaí óige, ar gach leibhéal rialachais, ó pholaitíocht intíre go fóraim iltaobhacha, agus laistigh de phróisis an Aontais. Chuir Painéil Saoránach Eorpach den Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa, inarbh ionann daoine óga (idir

[16] Marcóir daonnúil inscne agus aoise
[17] Meascán:Sonraí idirnáisiúnta faoin óige a mhapáil, JRC
[18] Cuimsítear le Foireann na hEorpaan tAontas Eorpach, Ballstáit an Aontais - lena n-áirítear a ngníomhaireachtaí cur chun feidhme agus a mbainc forbartha phoiblí -, mar aon leis an mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI) agus an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha (BEAF).

16 agus 25 bliana d'aois) agus aon trian dá mbaill, eiseamláir ar fáil chun spás a chruthú le haghaidh idirphlé idirghlúine.

#### 3.1.1 Rannpháirtíocht fhóinteach na hóige i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais

**Cuirfidh an tAontas feabhas ar rannpháirtíocht institiúideach na hóige** chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Rannpháirtíocht daoine óga i **gceapadh, cur chun feidhme agus faireachán** bheartais agus ghníomhaíochtaí seachtracha an Aontais a chur chun cinn;
- **Cuntasacht bhreise a áirithiú maidir le saincheisteanna óige trí chumarsáid straitéiseach, chuimsitheach agus rannpháirteach** chun teagmháil a dhéanamh le daoine óga, lena n-áirítear leanaí, ina n-éagsúlacht ar fad.

**Déanfar rannpháirtíocht institiúideach an Aontais i measc na hóige a bhaint amach** tríd an méid seo a leanas**:**

- Ardán AE le haghaidh idirphlé rialta le heagraíochtaí óige, mar ghné nua den **Fhóram Beartais um Fhorbairt**[19]. Déanfar a phríomhghnéithe a shainiú i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí óige faoi 2023[20].
- **An Bonn Braite Óige le haghaidh Comhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta**[21], a bunaíodh in 2021, chun comhairle a chur ar an gCoimisiún Eorpach maidir le rannpháirtíocht na hóige i ngníomhaíocht sheachtrach.
- **Comhairliúcháin éigeantacha le heagraíochtaí óige** i bpróiseas **clársceidealaithe** na **hIonstraime um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta - An Eoraip Dhomhanda** (NDICI-An Eoraip Dhomhanda)**[22]**.
- Na **treochláir tíre le haghaidh rannpháirtíocht an Aontais leis an tsochaí shibhialta,** lena gcomhtháthaítear peirspictíocht na hóige agus lena n-áirithítear go mbeidh eagraíochtaí óige rannpháirteach ar bhealach fóinteach.
- **Struchtúir chomhairleacha don óige** a chuireann comhairle ar Thoscaireachtaí an Aontais (EUDanna) maidir le tosaíochtaí tírshonracha. Faoi 2027, beidh siad sin i bhfeidhm i bhformhór na dtíortha comhpháirtíochta.
- **Cumas agus saineolas institiúideach feabhsaithe fhoireann an Aontais** maidir le conas oibriú le daoine óga agus lena n-aghaidh agus maidir le cosaint leanaí trí oiliúint, trí threoirlínte agus trí dhea-chleachtais a chomhroinnt. Faoi 2024, beidh **pointí fócasacha don óige** ag 80 % de EUDanna.

---

[19] An Fóram Beartais um Fhorbairt
[20] D'fhéadfaí sineirgí agus malartuithe dea-chleachtas a áirithiú le hArdán Rannpháirtíochta Leanaí an Aontais a bheidh ann amach anseo
[21] An Bonn Braite Óige
[22] An Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta - An Eoraip Dhomhanda

### 3.1.2 Rannpháirtíocht na hóige a fheabhsú ar an leibhéal réigiúnach agus iltaobhach

Le blianta beaga anuas, tá daoine óga ag tacú níos mó agus níos mó le réitigh iltaobhacha ar shaincheisteanna domhanda.

- **Rannpháirtíocht fhóinteach na hóige i gceapadh beartas iltaobhach** a chur chun cinn, trí obair leantach a dhéanamh ar thuarascáil Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe maidir leis an tuarascáil **Ár gComhchlár Oibre**[23] agus trí thacú le **hOifig Óige de chuid na Náisiún Aontaithe**[24] a bhunú.
- Daoine óga a rannpháirtiú sa phlé maidir le **comhpháirtíochtaí réigiúnacha agus comhar réigiúnach**, mar shampla i gcaidreamh an Aontais leis an Afraic, leis an Áise, le Meiriceá Laidineach agus leis an Muir Chairib, leis na tíortha Comharsanachta[25], le réigiún na Meánmhara agus le tíortha na Murascaille.

Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, **seolfaidh an tAontas an méid seo a leanas:**

- **Clár toscairí óige AE@NA**, lena dtacófar le rannpháirtíocht na hóige atá éagsúil agus cothrom ó thaobh inscne de i bhfóraim iltaobhacha agus lena neartófar a n-acmhainneacht chun cur go héifeachtach le ceapadh beartas iltaobhach. Tacóidh an tAontas le hidirphlé óige foirmiúil mar ghné bhuan den Choimisiún um Stádas na mBan agus de Chomhdháil na Stát is Páirtithe i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas, agus éascóidh sé comhordú i measc thoscairí óige an Aontais i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide, i dTionól Comhshaoil na Náisiún Aontaithe agus i bpróisis iltaobhacha eile.

- **Saotharlann Óige an Aontais Afracaigh agus an Aontais Eorpaigh**, lena gcuirfear feabhas ar an idirphlé leis an óige maidir leis an gComhpháirtíocht idir an Afraic agus an tAontas Eorpach[26] trí thacú le daoine óga agus le heagraíochtaí óige ón Afraic, ón Eoraip agus ón diaspóra chun réitigh ar dhúshláin dhomhanda a chomhchruthú.

**Rannchuideoidh an tAontas a thuilleadh freisin le rannpháirtíocht na hóige ar an leibhéal réigiúnach agus iltaobhach** trí na **tionscnaimh seo a leanas atá ann cheana:**

- **Guthanna Óga na Meánmhara,** lena dtacaítear le comhar idir daoine óga ar dhá thaobh na Meánmhara i ngnóthaí poiblí agus i dtionscnaimh chlaochlaitheacha áitiúla agus réigiúnacha. Tacóidh Erasmus+ freisin le fothú acmhainneachta i réimse na hóige sna Balcáin Thiar agus sa Mheánmhuir Theas.

- Clár **EU4Youth**, lena gcothaítear rannpháirtíocht agus ceannaireacht na hóige i gceapadh beartas i **gComhpháirtíocht an Oirthir**[27]**, go háirithe san Úcráin.**

- Líonra na **nAmbasadóirí Óga Eorpacha** sna Balcáin Thiar agus i gComhpháirtíocht

---

[23] Na Náisiún Aontaithe, Ár gComhchlár Oibre
[24] Rún A/RES/76/306 ó na Náisiúin Aontaithe
[25] Comharsanacht agus Méadú an Aontais Eorpaigh
[26] An Chomhpháirtíocht idir an Afraic agus an tAontas Eorpach agus an 6ú Cruinniú Mullaigh idir an tAontas Eorpach agus an tAontas Afracach
[27] Comhpháirtíocht an Oirthir de chuid an Aontais

an Oirthir agus na **hAmbasadóirí Dea-thola** i gComharsanacht an Deiscirt.

- Rannpháirtíocht na hóige a chur chun cinn faoi chuimsiú an **Chláir Oibre nua don Mheánmhuir**[28], go háirithe trí chur le Straitéis Óige 2030 an Aontais don Réigiún Meánmhuirí, **agus leis an gComhpháirtíocht Straitéiseach idir an tAontas agus an Mhurascaill**[29].

- Rannpháirtíocht daoine óga i bpróisis réigiúnacha atá ar na bacáin san Áise, i Meiriceá Laidineach agus sa Mhuir Chairib, nó i réigiúin eile, amhail **Fóram Cheannairí Óga AE-ASEAN.**

- **Straitéisí Macrairéigiúnacha an Aontais**, ina mbeidh daoine óga rannpháirteach ina n-idirphléití rialachais agus polaitiúla agus ina gcláir **Interreg** lena dtacaítear le rannpháirtíocht na hóige ina gcinnteoireacht, lena maoinítear gníomhaíochtaí óige agus lena gcuirtear chun cinn an Tionscnamh Saorálaithe don Aos Óg[30].

- Comhthreorú a dhéanamh ar an **gcohórt rannpháirtíochta óige ag Cruinniú Mullaigh um an Daonlathas 2023**[31].

#### 3.1.3 Timpeallacht chumasúcháin do rannpháirtíocht shibhialta agus pholaitiúil daoine óga

Tá rannpháirtíocht na hóige agus leanaí i bpróisis pholaitiúla fhoirmiúla fós íseal ar fud an domhain, mar gheall ar bhacainní struchtúracha, claontachtaí cultúrtha, agus creimeadh na muiníne as institiúidí daonlathacha[32]. Cuid bhunriachtanach de ghníomhaíocht an Aontais maidir leis **an dea-rialachas, an daonlathas, an smacht reachta agus cearta an duine** i dtíortha comhpháirtíochta is ea é a éileamh go dtabharfaí aitheantas agus cosaint iomlán do chearta daonna daoine óga, lena n-áirítear saoirse cainte agus comhlachais, rannpháirtíocht sa saol poiblí agus polaitiúil, agus go háirithe i dtoghcháin chothroma, chuimsitheacha, inrochtana, thrédhearcacha agus shíochánta.

Is é is aidhm do ghníomhaíocht an Aontais:

- **Idirphlé polaitiúil a chothú le tíortha comhpháirtíochta, maidir le rannpháirtíocht na hóige agus leanaí;**
- **Cuimsiú daoine óga in idirphlé polaitiúil agus beartais le húdaráis náisiúnta**[33] a chur chun cinn;
- **Cuimsiú, rannpháirtíocht** agus **ceannaireacht fhóinteach cailíní** sa chinnteoireacht a áirithiú;

[28] Clár oibre nua don Mheánmhuir agus Straitéis Óige 2030 an Aontais don Réigiún Meánmhuirí
[29] Comhpháirtíocht straitéiseach leis an Murascaill
[30] Straitéisí Macrairéigiúnacha an Aontais, Forógra don Aos Óg, Interreg Volunteer Youth
[31] An Cruinniú Mullaigh um an Daonlathas
[32] An óige agus sásamh leis an daonlathas
[33] Mar shampla, le Beartas an Aontais maidir leis an Artach, cuirtear chun cinn idirphlé idir lucht ceaptha beartas agus óige an Artaigh, chun feasacht a chruthú ar dhúshláin reatha an Artaigh, chun an óige a rannpháirtiú i gcur chun feidhme straitéis an Aontais agus chun a hinbhuanaitheacht a áirithiú.

- **Cumais náisiúnta** a neartú chun oibriú do dhaoine óga agus leo agus chun tacú le **creataí ábhartha náisiúnta um beartas óige, agus prionsabal an cheartais idirghlúine agus an idirphlé idirghlúine á chur san áireamh**;
- Tacú le **rannpháirtíocht shibhialta, obair dheonach agus ceannaireacht na hóige**;
- A mholadh **go n-áireofaí daoine óga ar liostaí páirtithe polaitiúla** le haghaidh suíocháin inbhuaite agus go gcuirfí dlús lena n-acmhainneacht chun seasamh mar iarrthóirí;




- **Rochtain ar dhoiciméid aitheantais náisiúnta agus clárú vótálaithe** a mhéadú, chun ceart vótála a áirithiú;
- **Cosaint gníomhaithe óga agus cosantóirí chearta an duine** a neartú, lena n-áirítear urlabhraithe LADTIA, chomh maith le cur i gcoinne insintí ciníocha, fuathchainte agus bréagaisnéise ar líne agus saoirse cainte á cosaint ag an am céanna.

Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, **seolfaidh an tAontas an méid seo a leanas:**

- An Tionscnamh um an Óige agus Mná sa Daonlathas, lena gcuirfear iolrachas polaitiúil agus cuimsitheacht na bpróiseas daonlathach chun cinn trí fheabhas a chur ar rannpháirtíocht daoine óga agus ban i ngach gné den saol poiblí. Neartófar ról na ndaoine óga i bpáirtithe polaitiúla agus i bparlaimintí trí fhorbairt acmhainní, líonrú, piarfhoghlaim agus meantóireacht. Tacóidh an tionscnamh seo le heagraíochtaí pobail agus le gníomhaithe óga maidir le formhaoirseacht institiúideach, frith-éilliú, breathnóireacht toghchán na saoránach, abhcóideacht don athchóiriú daonlathach, oideachas sibhialta, cur chun cinn an chirt chun vótála, saoirse comhlachais agus comhthionóil agus cearta an duine.

Déanfaidh an tAontas **rannpháirtíocht shibhialta agus pholaitiúil daoine óga i dtíortha comhpháirtíochta a chur chun cinn** freisin trí na **tionscnaimh seo a leanas atá ann cheana:**

- **Sásra nua an Aontais do chosantóirí chearta an duine,** chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí sonracha a mbíonn roimh chosantóirí agus gníomhaithe óga chearta an duine.
- An **Campas Domhanda um Chearta an Duine** mar phríomh-mhol domhanda don oideachas ar chearta an duine.
- Na **Saotharlanna Beartais Óige** i réigiún na Comharsanachta, sna Balcáin Thiar[34] agus i dtíortha in Iarthar na hEorpa nach bhfuil san Aontas, chun bealaí nuálacha a chur chun cinn chun daoine óga a rannpháirtiú in idirphlé beartais, chun comhchruthú agus faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme beartas atá ábhartha don óige agus

[34] Rannpháirtíocht an Aontais leis na Balcáin Thiar

chun sásraí rannpháirtíochta óige a neartú.

- **Erasmus+[35],** chun tacú le tionscnaimh faoi stiúir na hóige sa Tuirc, sna Balcáin Thiar agus sna tíortha Comharsanachta.
- Na tionscnaimh forbartha daonna, lena gcuirtear leis an gclár **EUROsocial+**, chun tacú le hiarrachtaí beartais i Meiriceá Laidineach agus sa Mhuir Chairib lena mbaineann an óige chun rochtain chuimsitheach ar shláinte, oideachas, margadh an tsaothair, dea-rialachas agus rannpháirtíocht pholaitiúil a fheabhsú.

### 3.1.4 Rannchuidiú le cur chun feidhme an chláir oibre don Óige, don tSíocháin agus don tSlándáil

Tacaíonn an tAontas agus a Bhallstáit go hiomlán leis na trí Rún ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (CSNA) i ndiaidh a chéile maidir leis an gclár oibre don Óige, don tSíocháin agus don tSlándáil (YPS) agus lena gcur chun feidhme domhanda. Sna conclúidí ón gComhairle ó mhí an Mheithimh 2020 maidir leis an óige sa ghníomhaíocht sheachtrach, chuir Ballstáit an Aontais i dtreis gur gá daoine óga a rannpháirtiú go gníomhach agus go cuimsitheach sna hiarrachtaí chun síocháin mharthanach a chothú, chun cur leis an gceartas agus leis an athmhuintearas agus chun an t-antoisceachas foréigneach a chomhrac. Tá an tAontas tiomanta na réimsí oibre a leagtar amach i Rún 2250 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a leanúint: rannpháirtíocht, cosaint, cosc, comhpháirtíochtaí agus dí-armáil, díshlógadh agus athimeascadh. Tá sé seo ag éirí níos tábhachtaí i gcásanna coinbhleachta ar fud an domhain, go háirithe san Afraic agus sa Mheánoirthear, agus i ndiaidh chogadh foghach leanúnach na Rúise i gcoinne na hÚcráine.
Is é is aidhm do ghníomhaíocht an Aontais:

- Tacú le **rannpháirtíocht chuimsitheach fhóinteach** na hóige i sásraí náisiúnta agus idirnáisiúnta chun síocháin bhuan agus réiteach coinbhleachta a chur chun cinn;
- Comhpháirtíochtaí cuimsitheacha le **cothaitheoirí síochána óga**, agus ina measc, a chur chun cinn agus tacú le **rannpháirtíocht agus ceannaireacht na hóige i gcothú na síochána**;
- **Tacaíocht a mhéadú do mhná óga agus do chailíní i dtíortha leochaileacha agus i dtíortha atá buailte ag coinbhleacht** i gcomhréir leis an gClár Oibre maidir le Mná, leis an tSíocháin agus leis an tSlándáil;
- Gné na hóige san **idirghabháil síochána** a fheabhsú, lena n-áirítear trí threoir nithiúil agus forbairt acmhainní a fhorbairt;
- Comhar maidir leis an Óige, an tSíocháin agus an tSlándáil **le heagraíochtaí idirnáisiúnta** a neartú, agus comhtháthú in idirphlé maidir le coinbhleachtaí a chosc, maidir le hidirghabháil nó maidir le hathchóiriú na hearnála slándála a neartú;
- Tionscnaimh a fhorbairt chun an t-antoisceachas foréigneach a chomhrac, go háirithe **an radacú ar líne[36].**
- **Leanaí i gcoinbhleacht armtha a chosaint**, foréigean a chosc agus deireadh a chur leis (lena n-áirítear foréigean gnéasach), comhlíonadh an Dlí Daonnúil Idirnáisiúnta a chur chun cinn, tacaíocht shíceasóisialta agus rochtain ar cheartas lena dtacaítear le leanaí a

[35] Erasmus+ arna mhaoiniú faoi ionstraimí gníomhaíochta seachtraí
[36] Conclúidí ón gComhairle maidir leis an sceimhlitheoireacht agus an t-antoisceachas foréigneach a chosc agus a chomhrac

chur ar fáil agus cabhair a thabhairt do leanaí atá gan tionlacan agus scartha, i gcomhthéacs chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine chomh maith

Chun an **clár oibre don Óige, don tSíocháin agus don tSlándáil** a chur chun feidhme, **déanfaidh an tAontas an méid seo a leanas**:

- **Fóraim iltaobhacha** iomchuí a úsáid, lena n-áirítear na Náisiúin Aontaithe, chun cuimsiú na hóige agus cur chun feidhme chlár oibre YPS a chur chun cinn.
- **Feabhas a chur ar íogaireacht óige** i gCóras Réamhrabhaidh coinbhleachta an Aontais agus in anailís coinbhleachta, agus aird á tabhairt ar dhinimicí idirghlúine agus ar ghníomhaíochtaí coisctheacha nithiúla lena n-ionchorpraítear gné na hóige.
- **Clár oibre YPS a chomhtháthú in idirphlé polaitiúil an Aontais**.
- **Treoir nithiúil a fhorbairt maidir leis an óige in idirghabháil síochána an Aontais.**
- Athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar **Threoirlínte an Aontais maidir le Leanaí agus Coinbhleacht Armtha** chun gníomhaíocht an Aontais a neartú chun leanaí atá thíos le coinbhleacht armtha a chosaint.
- **Acmhainneacht fhoireann an Aontais a fhorbairt maidir leis an gclár oibre don Óige, don tSíocháin agus don tSlándáil**, mar shampla maidir le coinbhleachtaí a chosc agus maidir le hoiliúint idirghabhála sa tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí.
- Gné na hÓige, na Síochána agus na Slándála a ionchorprú sna hiarrachtaí chun **coinbhleachtaí a chosc agus a bhainistiú**.
- Teagmháil a dhéanamh leis na pobail áitiúla ábhartha agus le heagraíochtaí na sochaí sibhialta chun straitéisí a fhorbairt lena bhformhuinítear an ról dearfach atá ag an óige agus ag leanaí chun an tsíocháin a chur chun cinn.
- Faoi chuimsiú na **Comhpháirtíochta Straitéisí leis an Murascaill,** tacú le tionscnaimh maidir le taighde agus oideachas, lena gcuirtear le slándáil agus cobhsaíocht réigiúnach.
- San **Afraic,** tacú le cur chun feidhme an tionscnaimh **'Extremely together'** maidir le frithradacú, chomh maith leis an **gcomhar leanúnach idir líonraí óige agus Rúnaíocht Feidhmiúcháin G5 na Saiheile**.

### 3.2 Comhpháirtíocht chun CUMHACHTÚ




Cumhachtaítear daoine óga nuair a chloistear a nguthanna agus nuair a théitear i ngleic leis na **héagothromaíochtaí** a dhéanann difear dá saol.

### 3.2.1 Oideachas a chlaochlú

Is bunchearta an duine iad oideachas ar ardchaighdeán agus foghlaim ar feadh an tsaoil agus cumasaítear leo comhionannas, saoránacht ghníomhach agus slite beatha inbhuanaithe.

Tá an iomarca leanaí agus daoine óga fós gan rochtain chothrom ar oideachas saor agus ar ardchaighdeán, go háirithe cailíní agus iad siúd atá thíos le géarchéimeanna. Is iad an t-idirdhealú inscnebhunaithe, coinbhleachtaí, éigeandálaí daonnúla, foréigean, bochtaineacht agus easpa múinteoirí agus scoileanna na príomhthosca a chuireann brú ar na milliúin duine an scoil a fhágáil ag aois óg. Tá go leor acu faoi réir saothar leanaí[37], sclábhaíocht nua-aimseartha[38] lena n-áirítear saothar éigeantais nó pósadh éigeantais leanaí, toircheas[39] nó earcaíocht mar shaighdiúirí linbh. Is minic a eisiatar daoine óga leochaileacha, daoine easáitithe, mionlaigh agus daoine faoi mhíchumas ón oideachas.

De dheasca phaindéim COVID-19, tá easnaimh thromchúiseacha agus leochaileacht na gcóras oideachais, lena n-áirítear an deighilt dhigiteach, tar éis dul in olcas[40]. Tá fíorbhaol ann go mbeidh glúin iomlán sáinnithe i bhfáinne fí ina laghdaítear a ndeiseanna.

Tá **an tAontas ag obair chun an ghéarchéim foghlama a aisiompú** agus chun rochtain chothrom ar oideachas saor agus ar ardchaighdeán a chur chun cinn ón mbunleibhéal go dtí an leibhéal treasach. Tá sé d'aidhm aige **ar a laghad 10 % den chistiú foriomlán faoin Eoraip Dhomhanda a infheistiú san oideachas** don Afraic Fho-Shahárach, do Mheiriceá Laidineach agus don Mhuir Chairib, don Áise agus don Aigéan Ciúin, **lena n-áirítear trí infheistíochtaí na Tairsí Domhanda[41]**.


Ina theannta sin, leithdháileann an tAontas **10 % dá mhaoiniú cabhrach daonnúla ar an oideachas i gcásanna éigeandála agus i gcásanna géarchéimeanna fada**[42] chun na leanaí agus na daoine óga is imeallaithe a shroicheadh, lena n-áirítear iad siúd atá i limistéir ina bhfuil coinbhleacht armtha agus iad siúd atá i láithreacha dídeanaithe.

Is é is aidhm do ghníomhaíocht an Aontais:

- Tacú le **hathchóirithe oideachais atá bunaithe ar fhianaise** i dtíortha comhpháirtíochta agus béim á leagan ar rochtain, ar chothromas, ar cháilíocht, ar chuimsiú, ar rialachas, ar chláir atá claochlaitheach maidir le caidrimh inscne agus ar mhaoiniú, agus obair leantach á déanamh freisin ar **Chruinniú Mullaigh 2022 na Náisiún Aontaithe maidir le Claochlú an Oideachais**[43];

[37] Tá 160 milliún leanbh idir 5 agus 17 mbliana d'aois i mbun saothar leanaí. Déanann a leath díobh obair ghuaiseach, ILO/UNICEF
[38] Déanann EIS an sclábhaíocht nua-aimseartha a shainiú trí dhá phríomhghné: saothar éigeantais agus pósadh éigeantais. De réir Mheastachán Saothair Éigeantaigh EIS/IOM 2022, tá níos mó ná 3,3 milliún leanbh i mbun saothar éigeantais.
[39] Tá 127 milliún cailín ann atá in aois bunscoile agus meánscoile nach bhfreastalaíonn ar scoil, UNESCO
[40] Leanaí agus daoine óga a bhfuil rochtain acu ar an idirlíon sa bhaile, UNICEF
[41] An Tairseach Dhomhanda
[42] Teachtaireacht maidir leis an Oideachas i gCásanna Éigeandála agus i gCásanna Géarchéime Fada
[43] Cruinniú Mullaigh 2022 na Náisiún Aontaithe maidir le Claochlú an Oideachais

- **Oideachas cailíní** a chur chun cinn chun rochtain chomhionann ar gach cineál oideachais agus oiliúna a bhaint amach;
- Tacú le **hoideachas cuimsitheach gnéasachta** do gach duine óg, go háirithe do dhéagóirí imeallaithe, do dhaoine óga LADTIA agus do dhaoine óga faoi mhíchumas;
- **Deireadh a chur le saothar leanaí,** agus cur chuige neamhfhulaingthe an Choimisiúin a chur i bhfeidhm, trí reachtaíocht[44] agus trí bhearta feabhsúcháin agus coiscthe, lena n-áirítear oibrithe leanaí a athimeascadh san oideachas agus san oiliúint, i gcomhréir le Glao ar Ghníomhaíocht Durban[45];




- **Rochtain ar oideachas sábháilte agus ar ardchaighdeán a áirithiú le linn géarchéimeanna daonnúla**, íoslaghdú a dhéanamh ar an tionchar ar an gceart chun oideachais agus tacú le húdaráis chun seirbhísí oideachais a atosú le linn géarchéime nó ina diaidh;
- Infheistíocht a dhéanamh i **múinteoirí** chun torthaí foghlama agus forbairt shochmhothúchánach leanaí agus daoine óga a fheabhsú;
- **Scileanna saoil agus oibre an 21ú haois** a chur chun cinn, lena n-áirítear scileanna maidir le saoránaíocht, leis an athrú aeráide, leis an gcomhshaol, leis na meáin agus le litearthacht chultúrtha[46];
- Infheistíocht a dhéanamh in **oideachas digiteach ardcháilíochta cuimsitheach** chun a áirithiú go mbeidh bunscileanna digiteacha ag daoine óga agus ag múinteoirí agus go mbeidh an deis acu sainscileanna digiteacha a fháil[47] i gcomhréir lena mianta gairmiúla agus chun athléimneacht i gcoinne na bréagaisnéise a neartú. Áirítear leis sin freisin **rochtain ar idirlíon inacmhainne, cobhsaí agus ardluais**[48] a fheabhsú;

Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, **déanfaidh an tAontas an méid seo a leanas:**

- ➢ **Cistiú, idirphlé beartais agus cúnamh teicniúil** a mhéadú chun tacú le hiarrachtaí na dtíortha comhpháirtíochta SDG 4 maidir le hoideachas ardcháilíochta a bhaint amach[49].

**Tacóidh an tAontas a thuilleadh le claochlú an oideachais** freisin tríd an méid seo a leanas a dhéanamh**:**

---

[44] Proposal for a regulation on prohibiting products made with forced labour on the Union market
[45] Glao ar Ghníomhaíocht Durban
[46] Tugann samhail na scoileanna Eorpacha samplaí ábhartha freisin a d'fhéadfaí a úsáid ar fud an domhain
[47] An Creat Eorpach maidir le hInniúlacht Dhigiteach do Shaoránaigh
[48] An Plean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach
[49] Is tosaíocht é an t-oideachas i 80 clár Táscach Ilbhliantúil de chuid an Aontais i dtíortha comhpháirtíochta

- **An Clár Réigiúnach Múinteoirí nua san Afraic** a sheoladh, a bhfuil sé d'aidhm aige gairm tharraingteach a dhéanamh den mhúinteoireacht do dhaoine óga.
- Bheith ar thús cadhnaíochta maidir le tionscnaimh na **Comhpháirtíochta Domhanda um Oideachas**[50] agus **Education Cannot Wait**[51], ar tionscnaimh iad lena gcumhachtaítear cailíní**,** déagóirí agus grúpaí leochaileacha trí oideachas ar ardchaighdeán a chur ar fáil.
- Infheistiú i **ndeiseanna foghlama foirmiúla agus seachfhoirmiúla i gcásanna éigeandála daonnúla.** Le cláir an Aontais, maolaítear an cur isteach ar oideachas agus ar fhorbairt shíceasóisialta leanaí i gcomhthéacsanna géarchéime, mar shampla sa tSaiheil, san Aetóip, san Afganastáin, sa Bhanglaidéis, sa tSiria nó in Éimin.
- Cur le **hathshlánú scoileanna a ndearnadh damáiste dóibh san Úcráin.**
- Tógáil ar iarrachtaí seanbhunaithe ón Aontas lena dtacaítear le hoideachas i gcomhthéacsanna coinbhleachta agus foghlaim ón taithí a fuarthas le déanaí mar fhreagairt ar ionradh na Rúise ar an Úcráin, ag obair le tíortha comhpháirtíochta agus eagraíochtaí daonnúla chun **rochtain leanaí agus dídeanaithe óga ar oideachas** agus ar chláir ábhartha de chuid an Aontais sa tír óstach a éascú.

### 3.2.2 Rochtain daoine óga ar dheiseanna eacnamaíocha a fheabhsú

Tá dlúthbhaint idir cumhachtú na hóige agus **poist ardcháilíochta a chruthú**, ioncaim fhorbhásacha luaineacha a chomhrac, agus féinfhostaíocht agus deiseanna fiontraíochta a bheith ann, agus comhionannas inscne agus neamh-idirdhealú á gcur chun cinn ag an am céanna, d'fhonn **imirce daoine oilte** a theorannú freisin.

Is é is aidhm do ghníomhaíocht an Aontais:

- Tacú le **rannpháirtíocht daoine óga sa chinnteoireacht eacnamaíoch agus san idirphlé sóisialta** chun rannchuidiú le **timpeallachtaí infheistíochta agus gnó atá níos fabhraí don óige**;
- An **clár oibre um obair chuibhiúil**[52] a chur chun cinn, lena gcuirtear oideachas ar dhaoine óga faoina gcearta bunúsacha saothair agus lena dtugtar tacaíocht do thíortha comhpháirtíochta maidir le **slándáil shóisialta agus bearta gníomhacha maidir leis an margadh saothair** a fhorbairt;
- **Infhostaitheacht óige** a chothú, trí thacú le hiarrachtaí na dtíortha comhpháirtíochta chun feabhas a chur ar an ngairmoideachas agus ar an ngairmoiliúint agus chun córais oideachais a ailíniú níos fearr le deiseanna sa mhargadh saothair;
- Tacú le **fiontraíocht i measc na hóige**, **agus le micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide faoi stiúir na hóige**, ag díriú ar mhná óga;

---

[50] An Chomhpháirtíocht Dhomhanda um Oideachas
[51] Education Cannot Wait
[52] An Teachtaireacht maidir le hObair Chuibhiúil ar Fud an Domhain

- Scileanna glasa a thabhairt do dhaoine óga agus tacú le **fostaíocht agus fiontraíocht chuibhiúil don óige sa gheilleagar glas**, lena n-áirítear san fheirmeoireacht athghiniúnach agus san earnáil agraibhia inbhuanaithe;
- **Foghlaim idirghlúine** a chur chun cinn idir fostaithe níos sine agus fostaithe níos óige;
- **Iompraíocht chorparáideach** agus rialachas corparáideach atá inbhuanaithe, íogair ó thaobh inscne de agus freagrach a chothú, lena n-áiritheofar go n-urramófar go hiomlán cearta an chomhshaoil agus cearta an duine[53];
- **Aistriú daoine óga chuig an ngeilleagar foirmiúil** a éascú agus **cosaint shóisialta** a leathnú chuig daoine óga atá fostaithe go neamhfhoirmiúil;
- Tacú leis an **gCoinbhinsiún maidir leis na Cineálacha is measa de Shaothar Leanaí**[54], trí chabhrú le tíortha nach Ballstáit den Aontas iad pleananna gníomhaíochta a chur i gcrích i gcoinne saothar leanaí;




- **Measúnuithe tionchair ar fhostaíocht óige** a chomhtháthú i gcláir lena dtacaítear leis an agra-éiceolaíocht, an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach, lena n-áirítear infheistíochtaí na **Tairsí Domhanda**.

Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, **seolfaidh an tAontas an méid seo a leanas:**

- **Tionscnamh réigiúnach Fhoireann na hEorpa maidir le Scileanna faoi thionchar na ndeiseanna agus le VET** san Afraic chun malartuithe maidir le comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun cinn, rud a chuirfidh ar chumas daoine óga poist a aimsiú.

- Cur chun feidhme na **Ráthaíochta don Aos Óg** de réir shamhail an Aontais chun feabhas a chur ar an aistriú ón scoil go dtí an obair sna **Balcáin Thiar**[55] agus féachaint an bhféadfaí scéimeanna comhchosúla a ghníomhachtú i réigiún Chomhpháirtíocht an Oirthir agus san Afraic Thuaidh.

Tacóidh an tAontas a thuilleadh freisin le **rannpháirtíocht na hóige agus le fiontraíocht i measc na hóige** trí na **tionscnaimh seo a leanas atá ann cheana:**

- Tionscadail fothaithe acmhainneachta **Erasmus+** chun inrochtaineacht agus freagrúlacht VET a chothú i dtíortha an Mhéadaithe agus sna tíortha

[53] Togra le haghaidh Treoir maidir le dícheall cuí inbhuanaitheachta corparáideach
[54] Coinbhinsiún 182/1999
[55] An Ráthaíocht don Aos Óg

Comharsanachta, san Afraic Fho-Shahárach, agus i Meiriceá Laidineach agus sa Mhuir Chairib.

- **Tacaíocht d'údaráis náisiúnta sa Mheánoirthear agus san Afraic Thuaidh** chun daoine óga, go háirithe mná, nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna a thabhairt isteach arís san oideachas agus i margadh an tsaothair. Ardán Réigiúnach an Aontais don Réigiún Meánmhuirí maidir le Fostaíocht agus Saothar agus a Threochlár Gníomhaíochta 2022-2025, díreofar leo ar dhaoine óga nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna agus forbrófar leo úsáid 'Comhphobal Cleachtais'.

- Tionscnaimh an Aontais maidir le fiontraíocht i measc na hóige agus rochtain níos fearr ar mhaoiniú do **ghnólachtaí faoi stiúir na hóige**, amhail **Tionscnamh Fhoireann na hEorpa maidir le hInfheistíocht i nGnólachtaí Óga san Afraic**, an **Droichead Nuálaíochta Digití idir an Afraic agus an Eoraip**, an **Comhaontú Nua don Óige i gComhpháirtíocht an Oirthir**, agus sásra **EU4Youth um Fhostaíocht agus Fiontraíocht**, a seoladh le déanaí.

- Scéimeanna infheistíochta nuálacha arna mbunú faoin **gCiste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe+** le hinstitiúidí airgeadais idirnáisiúnta chun freastal ar riachtanais shonracha daoine óga, amhail **Saoráid Roinnte Riosca NASIRA.**

- **Gníomhaíocht Dhomhanda an Aontais chun Deireadh a Chur le Saothar Leanaí** chun córais cigireachta saothair a neartú chun faireachán a dhéanamh ar dhlíthe saothair leanaí agus chun iad a fhorfheidhmiú.

- Obair na **Fondúireachta Eorpaí Oiliúna**[56] a thacaíonn le tíortha comhpháirtíochta an caipiteal daonna a neartú agus **cáilíocht na gcóras VET** a fheabhsú. Le cláir amhail **DARYA,** san Áise Láir, rannchuidítear le córais oideachais, oiliúna agus fostaíochta atá níos fearr agus níos cuimsithí.

- An **Comhaontas Eorpach do Phrintíseachtaí** chun cáilíocht na bprintíseachtaí a neartú agus an clár **Erasmus le haghaidh Fiontraithe Óga**[57], lena dtairgtear malartú idir piaraí d'eolas fiontraíochta i réigiún an Mhéadaithe.

### 3.2.3 Acmhainneacht daoine óga chun rannchuidiú leis an bhforbairt inbhuanaithe agus chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a bhrú chun cinn a neartú

Is minic gurb iad daoine óga **an t-inneall atá taobh thiar de réitigh nuálacha agus athrú iompraíochta agus gur luasairí iad maidir lena nglacadh** ar leibhéal an phobail. Mar sin féin, chun a gcuid smaointe a iompú ina dtionscnaimh lena ndéantar athruithe, ní mór dóibh feabhas a chur ar a gcuid scileanna agus líonraí, a bheith in ann roghanna eolasacha a dhéanamh, páirt a ghlacadh i dtimpeallacht dhigiteach shábháilte agus rochtain a fháil ar dheiseanna maoinithe.

[56] An Fhondúireacht Eorpaí Oiliúna
[57] Erasmus le haghaidh Fiontraithe Óga

Is é is aidhm do ghníomhaíocht an Aontais:

- Méadú a dhéanamh ar fhothú acmhainneachta agus ar **chistiú d'eagraíochtaí óige**;
- Na hacmhainní a chur ar fáil chun **réitigh nuálacha inbhuanaithe** faoi stiúir na hóige a fhorbairt agus a mhéadú;
- Tacú le **fiontraíocht shóisialta i measc na hóige**[58] mar shamhail ghnó chun an dul chun cinn eacnamaíoch agus an inbhuanaitheacht a thabhairt chun réitigh;
- Rannpháirtíocht daoine óga i **gcinnteoireacht agus in idirphlé beartais maidir leis an aeráid, an comhshaol agus laghdú rioscaí tubaiste** a chumasú;
- **Rannpháirtíocht agus ceannaireacht cailíní agus ban** a chur chun cinn chun straitéisí inscne-fhreagrúla a áirithiú maidir leis an gcomhshaol, maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin, lena n-áirítear uisce;
- Rannpháirtíocht **daoine óga, lena n-áirítear cailíní, san aistriú digiteach** a neartú, agus tacú le timpeallachtaí digiteacha atá dearfach agus sábháilte tríd an **Dearbhú Eorpach maidir le Cearta agus Prionsabail Dhigiteacha don Deacáid Dhigiteach**[59] agus an **Straitéis maidir le hIdirlíon Níos Fearr do Leanaí (BIK+)**[60] a chur chun cinn, lena n-áirítear gníomhaíochtaí rannpháirtíochta óige agus tacaíocht d'fhothú acmhainní;
- Úsáid **uirlisí digiteacha atá fabhrach don óige** a chur chun cinn chun feasacht a mhúscailt maidir le géarchéim an dúlra, le tionscnaimh amhail **Pollinator Park[61]**.

Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, **seolfaidh an tAontas an méid seo a leanas:**

- An **Ciste um Chumhachtú na hÓige**, tionscnamh píolótach nua lena dtacófar le heagraíochtaí óige an phobail agus le tionscnaimh faoi stiúir na hóige. Is é cuspóir foriomlán an Chiste rannchuidiú daoine óga leis na SDGanna a chothú ina bpobail féin. Áireofar ann dhá ghné théamacha thiomnaithe chun gníomhaíochtaí óige maidir leis an gcomhshaol agus leis an athrú aeráide a chur chun cinn agus chun daoine óga leochaileacha agus imeallaithe a chuimsiú. Ar bhealach níos solúbtha agus níos inrochtana, cuirfidh sé socruithe cistiúcháin mionscála atá fabhrach don óige agus tacaíocht de chineál luasaire ar fáil do thionscnaimh a mbeidh tionchar méadaithe acu (e.g. oiliúint, piarfhoghlaim, meantóireacht, líonrú, abhcóideacht). Áireofar daoine óga i rialachas an chláir, lena n-áirítear faireachán agus tuairisciú.

**Cuirfidh an tAontas maoiniú agus forbairt acmhainní ar fáil d'eagraíochtaí óige** freisin tríd an méid seo a leanas**:**

- an **Clár Téamach d'Eagraíochtaí na Sochaí Sibhialta** faoi NDICI-an Eoraip Dhomhanda.
- **Clár Erasmus+**
- Clár **EU4Youth**

[58] Plean gníomhaíochta don gheilleagar sóisialta
[59] An Dearbhú Eorpach maidir le Cearta agus Prionsabail Dhigiteacha Eorpacha
[60] Straitéis nua an Aontais maidir le hidirlíon níos fearr do leanaí (BIK+)
[61] Pollinator Park

### 3.2.4 Tacú le sláinte, le folláine mheabhrach agus fhisiciúil agus le rochtain ar shláinte ghnéis agus atáirgthe agus ar chearta gnéis agus atáirgthe

Is réamhriachtanas é an tsláinte agus an fholláine chun gur féidir le daoine óga a n-acmhainneacht iomlán a bhaint amach agus páirt ghníomhach a ghlacadh sa tsochaí. Tá dúshláin ollmhóra rompu maidir le rochtain a fháil ar sheirbhísí agus ar fhaisnéis sláinte, lena n-áirítear maidir le sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe (SRHR) agus meabhairshláinte. Tá cúrsaí tar éis dul in olcas a thuilleadh mar gheall ar phaindéim COVID-19 agus coinbhleachtaí. Tá tionchar ag cailliúint peirspictíochta a bhaineann leis an athrú aeráide, cogaí fada, easáitiú éigeantach, ciníochas nó bréagaisnéis freisin ar an meabhairshláinte.




Is é is aidhm do ghníomhaíocht an Aontais:

- **Córais sláinte a neartú, dul i ngleic le héagothromaíochtaí** agus dul chun cinn a dhéanamh i dtreo **clúdach sláinte uilíoch**, ag tosú leis an tsláinte mháthartha agus imbhreithe;
- Tacú le seirbhísí sláinte uileghabhálacha, sábháilte, cuimsitheacha agus atá **fabhrach do leanaí agus don óige, lena n-áirítear seirbhísí meabhairshláinte agus seirbhísí sláinte digiteacha**;
- **Rochtain uilíoch ar SRHR atá fabhrach don óige** a chur chun cinn, le seirbhísí agus faisnéis ardcháilíochta agus inacmhainne, lena n-áirítear oideachas cuimsitheach gnéasachta, cosc agus cóireáil VEID agus SEIF, ag díriú ar chailíní sna déaga, ar dhaoine óga imeallaithe agus ar dhaoine óga LADTIA;
- Daoine óga a chosaint ar éifeachtaí díobhálacha tobac agus táirgí gaolmhara, ag tacú le cur chun feidhme iomlán **Chreat-Choinbhinsiún na hEagraíochta Domhanda Sláinte maidir le Rialú Tobac** agus a **Phrótacail ar Mhaithe le Trádáil Aindleathach i dTáirgí Tobac a Dhíothú**.

Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, **cuideoidh an tAontas le sláinte agus folláine daoine óga a chur chun cinn** tríd an méid seo a leanas**:**

- Cur chuige atá fabhrach don óige i leith **straitéis nua dhomhanda sláinte an Aontais.**
- **Tionscnamh nua réigiúnach Fhoireann na hEorpa maidir le Timpeallacht Chumasúcháin do SRHR** chun cuidiú le **clúdach uilíoch a bhaint amach do SRHR san Afraic**.

- An **Tionscnamh Spotsolais**[62], lena rannchuidítear le deireadh a chur le foréigean inscnebhunaithe san Afraic, i Meiriceá Laidineach agus sa Mhuir Chairib, san Áise agus san Aigéan Ciúin, trí **chiorrú ball giniúna ban a chosc agus a dhíothú agus deireadh a chur le pósadh éigeantais agus luathphósadh**.

### 3.3 Comhpháirtíocht chun TEACHT LE CHÉILE




Tá sé mar aidhm ag an Aontas soghluaisteacht, malartuithe agus líonrú na hóige a chur chun cinn mar chuid riachtanach den ghné ‘duine le duine’ de straitéis na Tairsí Domhanda. Is é an sprioc atá ann éagsúlacht agus cuimsitheacht a áirithiú, agus aird ar leith á tabhairt ar bhacainní sóisialta agus eacnamaíocha, ar an deighilt dhigiteach agus ar na rioscaí a bhaineann leis an mbréagaisnéis ag an am céanna.

#### 3.3.1 Deiseanna soghluaisteachta san oideachas, san oiliúint agus san obair a mhéadú

Trí dhul thar lear chun dul i mbun staidéir, oiliúna nó oibre, spreagtar éachtaí oideachasúla, gairmiúla agus pearsanta daoine óga, chomh maith leis an tuiscint idirchultúrtha agus an nuálaíocht.

Is é is aidhm do ghníomhaíocht an Aontais:

- **Soghluaisteacht foghlama chuimsitheach** a chur chun cinn agus deiseanna foghlama a mhéadú;
- Malartuithe a chothú le haghaidh **forbairt ghairmiúil agus phearsanta** daoine óga.

Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, **tacóidh an tAontas le soghluaisteacht na hóige** tríd an méid seo a leanas**:**

- Roinnt tionscnamh faoin bPacáiste Infheistíochta maidir leis an Tairseach Dhomhanda idir an tAontas Eorpach agus an Afraic, amhail an **Scéim Soghluaisteachta Acadúla laistigh den Afraic**, an **tionscnamh um Dhearbhú agus Creidiúnú Cáilíochta Ardoideachas na hAfraice a Chomhchuibhiú**, agus **Creat um Cháilíochtaí Mór-Roinne na hAfraice**, chun (i) borradh a chur faoi shoghluaisteacht na hóige laistigh den Afraic, agus leis an Aontas Eorpach, (ii) comhtháthú ilchríochach a neartú, (iii) tarraingteacht na hAfraice mar cheann scríbe staidéir a mhéadú agus (iv) infhostaitheacht daoine óga a fheabhsú.

- **Clár Erasmus+ agus Gníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie,** lena dtacaítear le forbairt ghairmiúil agus phearsanta mac léinn, ball foirne agus taighdeoirí.

[62] An Tionscnamh Spotsolais

- Clár **SHARE AE-ASEAN**, lena gcuirtear comhchuibhiú an ardoideachais agus na scoláireachtaí chun cinn.

- **Ciste Iontaobhais Réigiúnach an Aontais Eorpaigh mar Fhreagairt ar an nGéarchéim sa tSiria** agus **an tSaoráid do Dhídeanaithe sa Tuirc** le scoláireachtaí do dhídeanaithe óga chun rochtain a fháil ar oideachas, chun scileanna a fháil agus chun bheith féintuilleamaíoch**.**

- Sárscoileanna de chuid **Scéim na mBalcán Thiar um Malartú Scoileanna**, lena méadaítear scileanna agus eolas, lena gcuirtear athmhuintearas agus idirphlé idirchultúrtha chun cinn i measc scoileanna, mac léinn agus pobal.

- **Tionscnamh Fhoireann na hEorpa maidir le Staidéar a dhéanamh san Eoraip**, lena dtugtar eolas do dhaoine óga ar fud an domhain faoi dheiseanna staidéir, taighde agus scoláireachta san Aontas.

- Deiseanna do dhaoine óga chun taisteal, staidéar, obair nó oiliúint a fháil san Aontas faoi na **Comhpháirtíochtaí Tallainne**[63] atá beartaithe le tíortha comhpháirtíochta sainaitheanta san Afraic agus san Áise, chomh maith le deiseanna a d'fhéadfadh a bheith ann faoi **Scéim Soghluaisteachta don Óige de chuid an Aontais** a bhfuil a indéantacht á scrúdú.

### 3.3.2 Teagmhálacha i measc daoine óga a chur chun cinn

Tá fonn ar dhaoine óga **teacht le chéile agus smaointe a mhalartú** lena bpiaraí ar fud an domhain.

Is é is aidhm do ghníomhaíocht an Aontais:

- Rannpháirtíocht daoine óga san **oideachas le haghaidh saoránacht dhomhanda** a chur chun cinn ar mhaithe le comhthuiscint ar dhúshláin dhomhanda agus iad a spreagadh chun gníomhú go comhpháirteach;
- **Deiseanna líonraithe** a mhéadú do dhaoine óga, lena n-áirítear foghlaim agus malartuithe idir piaraí;
- Rannpháirtíocht daoine óga a spreagadh, lena n-áirítear daoine dúchasacha, i réimse an chultúir, agus in **idirphlé idirchultúrtha agus idirchreidimh,** ag cur i gcoinne an idirdhealaithe agus an chiníochais**;**
- **Cáilíocht agus ábharthacht na faisnéise** do dhaoine óga a mhéadú, agus cumarsáid atá fabhrach do leanaí agus don óige a fheabhsú.

---

[63] Seoladh Comhpháirtíochtaí Tallainne in 2021 mar cheann de phríomhghnéithe na gné seachtraí den Chomhshocrú Nua maidir le hImirce agus Tearmann agus beidh siad mar bhonn taca le creat beartais cuimsitheach agus le tacaíocht airgeadais chun príomhthíortha comhpháirtíochta a rannpháirtiú go straitéiseach i ngach réimse den bhainistiú imirce. Is é is aidhm dóibh an comhar idir an tAontas, na Ballstáit agus na comhpháirtithe a neartú agus borradh a chur faoi shoghluaisteacht idirnáisiúnta an lucht saothair agus faoi fhorbairt tallainne ar bhealach a rachaidh chun tairbhe don dá thaobh.

Chun foghlaim fhrithpháirteach agus tuiscint fhrithpháirteach a chothú, **seolfaidh an tAontas an méid seo a leanas:**

- **Acadamh Óige na hAfraice-na hEorpa**, lena gcuirfear deiseanna ar fáil do cheannairí óga ina réimsí faoi seach agus dá bpobail faoi seach chun nascadh, malartú, feabhas a chur ar a gcuid scileanna ceannaireachta agus líonra de lucht déanta athraithe a chruthú.

Rannchuideoidh an tAontas a thuilleadh freisin le **teagmhálaithe idir daoine óige a chur chun cinn** trí na **tionscnaimh seo a leanas atá ann cheana:**

- **Tionscnamh Céimithe an Aontais Eorpaigh** agus **gníomhaíochtaí taidhleoireachta poiblí** chun cur ar chumas rannpháirtithe óga i gcláir an Aontais líonraí domhanda agus áitiúla a chothú agus a bpiaraí, go háirithe daoine óga atá faoi mhíbhuntáiste, a chur ar an eolas faoi na deiseanna a chuireann an tAontas agus na Ballstáit ar fáil.

- **Tairseach Eorpach na hÓige**, le rochtain níos fearr ar fhaisnéis ardcháilíochta maidir le tionscnaimh agus deiseanna do dhaoine óga i dtíortha comhpháirtíochta.

- An clár um **Oideachas agus Múscailt Feasachta maidir le Forbairt (DEAR)** lena gcuirfear béim níos mó ar rannpháirtíocht na hóige agus lena spreagfar rannpháirtíocht daoine óga ar fud an domhain.

- **Scéim Dhomhanda Meantóireachta Céimithe Erasmus+**, lena nasctar Céimithe Erasmus+ le rannpháirtithe ionchasacha Erasmus+, lasmuigh den Aontas Eorpach freisin.

- Clár nua **Óige na hEorpa-na Saiheile** chun tacú le rannpháirtíocht na hóige agus chun idirphlé idirchultúrtha, comhtháthú an duine agus cearta an duine a chur chun cinn agus chun ardán a chruthú chun daoine óga sa réigiún a chur ar an eolas faoi dheiseanna forbartha pearsanta agus gairmiúla.

- An **clár um Chaidreamh Cultúrtha Domhanda** agus **gníomhaíochtaí d'ealaíontóirí san Afraic agus san Eoraip,** chun idirphlé idirchultúrtha, soghluaisteacht agus comhchruthú a chur chun cinn i measc ealaíontóirí óga agus cleachtóirí cultúrtha óga ó thíortha comhpháirtíochta agus ón Aontas Eorpach.

- An **Oifig Réigiúnach um Chomhar na hÓige sna Balcáin Thiar,** lena gcuirtear meon an athmhuintearais agus na tuisceana chun cinn idir daoine óga trí mhalartuithe óige idir-réigiúnacha agus trí chomhar idir-réigiúnach.

- An **Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach**, lena spreagtar rannpháirtíocht daoine óga i dtionscadail saorálaíochta agus dlúthpháirtíochta.

- **Comhpháirtíochtaí Beartais agus For-rochtana an Aontais**[64], chun tuiscint fhrithpháirteach agus muinín frithpháirteach a fheabhsú trí ghníomhaíochtaí taidhleoireachta poiblí.

- Feachtais lena nasctar daoine óga ar fud an domhain chun tacú leis an aistriú glas, amhail **Green Track** nó **#ReFashionNow** atá ar na bacáin chun tomhaltóirí óga a chumhachtú ar theicstílí inbhuanaithe.

## 4. Faireachán agus tuairisciú

Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, faireachán ar an dul chun cinn maidir leis an bPlean Gníomhaíochta don Aos Óg (YAP) ag an meántéarma agus ag an deireadh trí na tuarascálacha rialta maidir le cur chun feidhme cúnaimh ón Aontas, agus i gcomhréir le creataí beartais agus gealltanais eile maidir le cearta an duine, comhionannas inscne agus an óige, an tsíocháin agus an tslándáil.

Leis na tuarascálacha cur chun feidhme, déanfar rianú ar an **athrú institiúideach** i dtreo **rannpháirtíocht na hóige i gceapadh beartais an Aontais** a neartú, agus ar **dhul chun cinn i dtreo chuspóirí YAP** de réir tosaíochtaí téamacha. Forbrófar creat faireacháin laistigh den chéad bhliain de chur chun feidhme YAP, i gcomhar le saineolaithe agus comhpháirtithe óige, bunaithe ar shonraí atá imdhealaithe ó thaobh aoise de agus ar tháscairí a bhaineann go sonrach leis an óige.

Seolfar **meastóireacht ar chur chun feidhme YAP** in am chun cur leis an gcéad timthriall clársceidealaithe eile.

## 5. Conclúid

Leis an bPlean Gníomhaíochta don Aos Óg i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais, aithníonn an tAontas an ról ríthábhachtach atá ag daoine óga **'mar aislingigh agus déantóirí'**[65] chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chasta dhomhanda agus leagann sé síos an creat le haghaidh comhpháirtíocht láidir idir iad féin agus an tAontas.

Trína chur chun feidhme, tacóidh an tAontas le rannpháirtíocht na hóige ina ghníomhaíocht sheachtrach, cuirfidh sé timpeallacht chumasúcháin agus deiseanna ar fáil do chumhachtú agus rannpháirtíocht leanaí agus óige, agus cuirfidh sé naisc idir daoine óga ar fud an domhain chun cinn.

Léirítear sa Phlean Gníomhaíochta don Aos Óg ag an am céanna fíorthiomantas polaitiúil do ghuth leanaí agus daoine óga ar fud an domhain, agus treochlár oibríochtúil chun rannchuidiú le sochaithe níos daonlathaí, níos cothroime, níos inbhuanaithe agus níos síochánta a thógáil **don ghlúin seo agus do na glúine atá le teacht.**

[64] Comhpháirtíochtaí Beartais agus For-rochtana
[65] Aitheasc Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, Ursula von der Leyen, ar Staid an Aontais Eorpaigh 2022